Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13008/26**

**COPEN 325**
**JAI 1123**
**EUROJUST 50**
**CYBER 362**
**DROIPEN 134**
**ENFOPOL 309**
**TELECOM 418**
**EJUSTICE 37**
**MI 867**
**CT 104**
**DATAPROTECT 268**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 459 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>údarás a thabhairt chun tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla na dtríú Stát sin i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 459 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 459 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 459 final

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**údarás a thabhairt chun tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla na dtríú Stát sin i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### • Forais agus cuspóirí an mholta

Sa saol domhandaithe ina bhfuil an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht ag éirí níos trasnáisiúnta agus ilchineálaí, ba cheart na húdaráis forfheidhmithe dlí a bheith réitithe go hiomlán chun comhoibriú le comhpháirtithe seachtracha d'fhonn slándáil a saoránach a áirithiú. Dá réir sin, ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról Eurojust mar éascaitheoir comhair bhreithiúnaigh le tríú tíortha toisc go bhfuil comhar den sórt sin fíor-riachtanach chun fianaise a bhailiú le haghaidh ionchúisimh rathúla agus chun baill de líonraí coiriúla a thabhairt os comhair na cúirte. Chuige sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar shainordú Eurojust chun a ról agus a thacaíocht d'údaráis inniúla náisiúnta a fheabhsú a thuilleadh maidir le comhar breithiúnach le tríú tíortha a éascú.

Leagadh béim leanúnach ar an tábhacht a bhaineann le malartú faisnéise agus le dlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta sna straitéisí agus sna pleananna gníomhaíochta éagsúla a ghlac an Coimisiún Eorpach le blianta beaga anuas. Mar shampla, i *Straitéis an Aontais chun Dul i nGleic leis an gCoireacht Eagraithe (2021-2025)*[1] leagtar béim ar chastacht mhéadaitheach grúpaí coiriúla nua agus a struchtúir thrasnáisiúnta, líonrabhunaithe. Is é is aidhm don *Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach,*[2] a cuireadh i láthair an 1 Aibreán 2025, na creataí slándála atá ann cheana a aontú agus, ag an am céanna, acmhainneacht Eurojust a neartú a thuilleadh chun coireacht thromchúiseach trasteorann a chomhrac agus a shraith straitéisí oibríochtúla a leathnú.

Chun na cúraimí sin a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart comhar Eurojust le tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach a neartú a thuilleadh trí chomhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích lena bhfeabhsaítear comhar breithiúnach leis an nGníomhaireacht. Rannchuidíonn na comhaontuithe sin go mór leis an gcoireacht thrasnáisiúnta a chomhrac, toisc go gceadaítear leo sonraí pearsanta a mhalartú go tapa agus Ionchúisitheoir Idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht ón tír chomhpháirtíochta do Eurojust. Leis na bearta sin, cuirtear uirlisí fíor-riachtanacha ar fáil do Eurojust chun dlús a chur leis an gcomhar oibríochtúil, amhail foirne comhpháirteacha um imscrúdú, lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá 12 chomhaontú comhair i bhfeidhm ag Eurojust lenar féidir sonraí pearsanta a mhalartú go córasach le Montainéagró, leis an Úcráin, leis an Moldóiv, le Lichtinstéin, leis an Eilvéis, leis an Macadóin Thuaidh, le Stáit Aontaithe Mheiriceá, leis an Íoslainn, leis an Iorua, leis an tSeoirsia, leis an Albáin agus leis an tSeirbia. Faoi Airteagal 80(5) de Rialachán 2018/1727[3] (Rialachán Eurojust) tá na comhaontuithe comhair sin fós bailí.

Ó tháinig Rialachán Eurojust i bhfeidhm an 12 Nollaig 2019 agus de bhun an Chonartha, tá an Coimisiún freagrach, thar ceann an Aontais, as comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú le tríú tíortha maidir le comhar le Eurojust. Cé gur féidir le Eurojust caidreamh comhoibritheach a bhunú agus a choinneáil ar bun go neamhspleách le comhpháirtithe seachtracha trí shocruithe oibre, i gcomhréir le Caibidil V den Rialachán, ní sholáthraítear leis na socruithe sin amháin bunús dlí chun sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú. Cuireann siad ar chumas Eurojust

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025, COM(2021) 170 final).

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le: Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach, COM(2025) 148 final).

[3] Rialachán (AE) 2018/1727 an 14 Samhain 2018, IO L 295, lch. 138, 21.11.2018. Féach 12 chomhaontú comhair, https://www.eurojust.europa.eu/states-and-partners/third-countries/agreements-cooperation.

teagmhálacha institiúideacha a thionscnamh le húdaráis inniúla na dtíortha comhpháirtíochta ach ní leor iad astu féin chun comhar breithiúnach éifeachtach a chumasú.

Sin é an fáth ar thug an Chomhairle údarú don Choimisiún, an 1 Márta 2021, comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú le 13 thríú Stát (*an Ailgéir, an Airgintín, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, an Cholóim, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Túinéis agus an Tuirc*) maidir le comhar breithiúnach idir Eurojust agus údaráis inniúla na Stát sin. Ó shin, tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach leis an Airméin,[4], leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin,[5], agus leis an Liobáin[6]. Ina theannta sin, tá deireadh leis an gcaibidlíocht leis an Ailgéir, mar gur comhaontaíodh an téacs sa Chomhairle ar an leibhéal teicniúil i mí an Mhárta 2026. Thug an Coimisiún chun críche an chaibidlíocht leis an gColóim i mí an Mheitheamh 2026. Is cuid den Chomhaontú Trádála agus Comhair iad forálacha lena gcumhdaítear comhar idir údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe agus Eurojust[7].

Agus na straitéisí polaitiúla, riachtanais oibríochtúla na n-údarás breithiúnach ar fud an Aontais Eorpaigh agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le comhar níos dlúithe ar fud an domhain á gcur san áireamh, measann an Coimisiún gur gá údarú a iarraidh chun comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú le tríú tíortha breise chun comhar Eurojust lena n-údaráis inniúla a neartú maidir le coireanna tromchúiseacha trasteorann a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Is é is cúis leis na cúiseanna a bhfuil na hocht dtír á moladh ag an gCoimisiún (an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) ná a mheasúnú ar na tíortha tosaíochta de réir na gcritéar seo a leanas:

Critéar fíor-riachtanach amháin is ea **riachtanas oibríochtúil** Eurojust mar a leagtar amach ina Straitéis maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027[8]. Sa Straitéis sin, a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena hathbhreithniú de bhun Airteagal 52(1) de Rialachán Eurojust, shainaithin Eurojust gá oibríochtúil ar leith le comhar leis an mBolaiv, le hEacuadór, le Meicsiceo, leis an Nigéir, le Peiriú agus le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Sainaithníodh Ceanada, Panama agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha cheana féin sa Straitéis Eurojust roimhe seo (2020-2024) agus athdhearbhaíodh a n-ábharthacht oibríochtúil sa Straitéis is déanaí. Léiríodh i measúnuithe breise Eurojust go bhfuil gá oibríochtúil leis an gcomhar le tíortha breise a neartú, lena n-áirítear an tSile agus Cósta Ríce. I gcás an dá thír sin, shainaithin Eurojust fás as cuimse ar an líon iarrataí ar chomhordú agus comhar breithiúnach, ag méadú ó 5 in 2024 go 27 in 2025. Tá méadú den chineál céanna tagtha freisin ar an líon cásanna casta (i.e. na cásanna sin óna dteastaíonn roinnt cruinnithe comhordúcháin nó bunú foirne comhpháirteacha um imscrúdú), ó nialas in 2023 go sé cinn in 2025.

Critéar eile is ea **leas an tríú tír** comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích. I ndáil leis an méid sin, léiríonn idirghníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí ar an leibhéal sinsearach díol

---

[4] Arna shíniú an 5 Aibreán 2024, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme an 10 Deireadh Fómhair 2024, IO L 31.10.204 [EUR-Lex - 22024A02737 - EN - EUR-Lex](EUR-Lex - 22024A02737 - EN - EUR-Lex).

[5] Arna shíniú an 28 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Conclúide an 14 Aibreán 2025, IO L, 7.5.2025 https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_internation/2025/867/oj/eng.

[6] Arna shíniú an 2 Nollaig 2025, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Conclúide an 4 Meitheamh 2026, IO L 3.7.2026 http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1522/oj.

[7] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, IO L 149, 30.4.2021, https://eur-lex.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj

[8] https://www.eurojust.europa.eu/states-and-partners/third-countries/strategy-cooperation-international-partners.

spéise an-mhór i gcomhaontú a chaibidliú maidir le comhar le Eurojust ó Cheanada, ón tSile, ó Chósta Ríce, ó Eacuadór, ó Phanama, ó Pheiriú agus ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Critéar **straitéiseach** fíor-riachtanach is ea feabhas a chur ar an gcomhar leis na tríú tíortha sin a bhféadfadh tionchar nach beag a bheith acu ar **shlándáil** na hEorpa. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar bhreithnithe geografacha nó straitéiseacha, mar atá i gcás thíortha Mheiriceá Laidinigh, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála comhroinnte, go háirithe i réimsí na coireachta eagraithe, na gáinneála ar dhrugaí agus na cibearchoireachta, mar a leag an Coimisiún amach ina Straitéis um an tSlándáil Inmheánach 'ProtectEU'[9]. D'fhéadfadh úsáideacht oibríochtúil eascairt as leas frithpháirteach freisin, go háirithe i gcás ina bhfuil comhar éifeachtach i bhfeidhm cheana féin. Mar shampla, faigheann Ceanada líon ard iarrataí ar chúnamh breithiúnach ó na Ballstáit, rud a léiríonn a thábhacht mar chomhpháirtí maidir le cásanna trasteorann a láimhseáil.

Is i Meiriceá Laidineach atá an chuid is mó de na tíortha atá beartaithe. Tá sé sin comhsheasmhach ní hamháin le Straitéis Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh 'ProtectEU', ach freisin leis an tosaíocht a léiríonn Eurojust féin (ina Straitéis Idirnáisiúnta) agus trí Shocruithe Oibre éagsúla a shíniú le tíortha Mheiriceá Laidinigh go háirithe[10], lena n-áirítear leis na sé thír uile i Meiriceá Laidineach a chumhdaítear leis an Moladh seo. Ina theannta sin, shínigh Eurojust Socrú Oibre leis an líonra réigiúnach, Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP), a dhéanann ionadaíocht ar 22 Aireacht Phoiblí Ibéir-Mheiriceánacha, agus Meabhrán Tuisceana le Líonra Ibéir-Mheiriceánach an chomhair dhlíthiúil idirnáisiúnta (IberRed), lena dtugtar rochtain ar Chóras Cumarsáide Sláine Iber@. Trí na hiarrachtaí sin, tá sé d'aidhm ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh tacú leis an gcomhrac i gcoinne na trádála idirnáisiúnta drugaí de thionscnamh Mheiriceá Theas, rud a dhéanann difear níos mó agus níos mó do shlándáil an Aontais Eorpaigh[11].

Toisc thábhachtach eile is ea an bhfuil **cóineasú rialála** leordhóthanach ann leis an tríú tír chun comhar oibríochtúil le gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a chumasú. Baineann sé sin, go háirithe, le cloí leis an smacht reachta, le cearta bunúsacha (lena n-áirítear toirmeasc ar phionós an bháis), agus le caighdeáin cosanta sonraí. I measc na dtíortha a bhfuil an ábharthacht oibríochtúil nó an spéis is mó acu sa chomhar le Eurojust, ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh siúd a léiríonn ardleibhéal cóineasaithe nó dóibh siúd atá i mbun a gcaighdeáin a ailíniú leis an Aontas Eorpach (go háirithe leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí), [12]) lena n-áirítear Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Panama agus Peiriú.

Ar deireadh, príomhthoisc is ea **comhsheasmhacht** a áirithiú sa chaidreamh idir **gníomhaireachtaí agus comhlachtaí** Ceartais agus Gnóthaí Baile **(CGB)** le tríú tíortha, go háirithe i measc Europol, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus Eurojust. Sa mhéid sin, leagann an Coimisiún béim ina *Straitéis Slándála Inmheánaí ProtectEU* [13] ar an ngníomhaíocht a dhéanfaidh sé a chaibidil d'fhonn 'comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha tosaíochta maidir le comhar le Europol agus Eurojust'. D'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún in 2023 comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú

---

9 Féach thuas, Fn.2.

10 https://www.eurojust.europa.eu/states-and-partners/third-countries/working-arrangements.

11 Féach sa chomhthéacs sin Conclúid ón gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB), an 12/13 Meitheamh 2024. Chomh maith leis sin, Dearbhú na Veinéise ó Chruinniú Airí G7 maidir le Ceartas, an 9-10 Bealtaine 2024.

12 Treoir (AE) 2023/977 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle 2006/960/JHA, OJ L 134, 22.5.2023 http://data.europa.eu/eli/dir/2023/977/oj.

13 Féach thuas, Fn. 2.

maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí idir Europol agus *an Bholaiv, Eacuadór, Meicsiceo, Peiriú agus an Bhrasaíl,* tíortha nach gcumhdaítear le Cinneadh 2021 ón gComhairle, lena n-údaraítear comhaontuithe maidir le comhar le Eurojust a chaibidliú. Tá comhaontuithe idirnáisiúnta sínithe ag an Aontas Eorpach maidir le comhar idir Europol agus údaráis phóilíneachta Eacuadór[14]agus na Brasaíle, atá á dtabhairt i gcrích faoi láthair. Is céim loighciúil eile é údarú a thabhairt don Choimisiún comhaontuithe a chaibidliú leis an mBolaiv, le Ceanada, leis an tSile, le Cósta Ríce, le Panama, le Peiriú agus le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar le Eurojust, agus ar an gcaoi sin forfheidhmiú agus comhar breithiúnach araon a chuíchóiriú agus a fheabhsú a thuilleadh.

Agus na critéir sin á gcur i bhfeidhm aige, molann an Coimisiún, dá bhrí sin, go n-údaródh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na hocht dtríú Stát seo a leanas:

<u>an Bholaiv</u>

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le feabhas a chur ar an gcomhar idir Eurojust agus an Bholaiv, go háirithe i ndáil le táirgeadh agus gáinneáil drugaí. Mar an tríú táirgeoir cócaoin is mó ar domhan, úsáidtear an Bholaiv mar phointe idirthurais agus mar thairseach chriticiúil le haghaidh smuigleáil támhshuanach isteach san Eoraip, rud a éascaíonn oibríochtaí líonraí coireachta eagraithe.

Léiríonn na forbairtí is déanaí tiomantas láidir na Bolaive naisc le Eurojust a neartú ar an leibhéal straitéiseach agus ar an leibhéal oibríochtúil araon. Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag an mBolaiv agus ghlac sí páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Tugadh tosaíocht don Bholaiv i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027, lena léirítear leasanna comhroinnte maidir leis an gcoireacht a bhaineann le drugaí a chomhrac. Leis na creataí atá ann cheana, amhail an Socrú Oibre idir an Bholaiv agus Eurojust 2024, cuirtear bonn láidir ar fáil don chomhar breithiúnach. Chomh maith leis sin, tá pointe teagmhála tiomnaithe Eurojust ceaptha ag an mBolaiv, rud a chuireann tuilleadh feabhais ar éifeachtúlacht iarrataí ar chomhar breithiúnach.

Glacann an tír páirt ghníomhach freisin sa sásra le haghaidh comhar treisithe a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust agus ón gclár EL PAcCTO[15]. Cuireann an uirlis sin creat ar fáil le haghaidh comhar tráthrialta leis na tíortha sin i Meiriceá Laidineach a shínigh socrú oibre nó ionstraim chomhair eile le Eurojust. Tá comhpháirt Eorpach faoi stiúir Eurojust agus comhpháirt laistigh de Mheiriceá Laidineach faoi stiúir EL PAcCTO agus oifigí ionchúisimh na dtíortha sínithe araon sa sásra.

Is léiriú iad sin go léir go bhfuil an Bholaiv ullamh chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh cheartais idirnáisiúnta agus áirithítear leis gur féidir leis an gcomhar oibríochtúil caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh.

Tá an Bholaiv rannpháirteach go gníomhach freisin i líonraí breithiúnacha réigiúnacha, lena n-áirítear IberRed agus Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach Oifigí na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP), lena neartaítear an bunús don chomhar. Tá ionstraimí bunaithe ag Eurojust chun

---

[14] Arna shíniú an 23 Meán Fómhair 2025, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Conclúide an 30 Márta 2026, IO L , 828, 15.4.2026: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/828/oj.

[15] Is é EL PAcCTO an Clár Cúnaimh idir an Eoraip agus Meiriceá Laidineach in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta.

comhoibriú leis na líonraí sin, agus daingníonn sin stádas na Bolaive mar chomhpháirtí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis.

<u>Ceanada</u>

Tá ábharthacht nach beag straitéiseach agus oibríochtúil ag baint leis an gcomhar idir Eurojust agus Ceanada a neartú, go háirithe i réimsí na gáinneála ar dhrugaí, na calaoise, an sciúrtha airgid agus na cibearchoireachta. Tá méadú ag teacht ar an difear a dhéanann coireanna cibearchumasaithe sofaisticiúla a dhéanann grúpaí coireachta eagraithe a oibríonn ar fud na réigiún do Cheanada agus don Aontas Eorpach. Sainaithnítear Ceanada mar chomhpháirtí tosaíochta i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027, rud a léiríonn leasanna frithpháirteacha láidre maidir leis an gcomhar breithiúnach a dhoimhniú.

Is comhpháirtí é Ceanada atá ar aon intinn le chéile agus ag a bhfuil ardleibhéal cóineasaithe rialála i bpríomhréimsí, lena n-áirítear an smacht reachta, cearta bunúsacha, agus coimircí cosanta sonraí. Tá an comhar atá ann cheana láidir: Tá Ceanada i measc na ndeich dtríú tír is mó ó thaobh iarrataí ar chomhar breithiúnach ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Leis an ardleibhéal rannpháirtíochta oibríochtúla sin, leagtar béim ar an ngá atá le dlús a chur faoi fhianaise a fháil agus postú féideartha Ionchúisitheora Idirchaidrimh ag Eurojust a éascú.

Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag údaráis Cheanada agus glacann siad páirt go tráthrialta i gcruinnithe oibríochtúla a eagraítear in imscrúduithe agus ionchúisimh a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust i ndáil le coireacht thromchúiseach eagraithe a bhaineann leis na Ballstáit agus Ceanada.

<u>an tSile</u>

Tá tábhacht nach beag straitéiseach agus oibríochtúil ag baint le feabhas a chur ar an gcomhar idir Eurojust agus an tSile, ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an difear a dhéanann gáinneáil ar dhrugaí atá nasctha le grúpaí coireachta eagraithe atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach don tSile. Tá comhar breithiúnach leis an tSile fíor-riachtanach freisin chun dul i ngleic leis an gcoireacht maoine eagraithe, leis an gcibearchoireacht agus le sciúradh airgid.

Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag an tSile agus ghlac sí páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Ainmnítear an tSile mar chomhpháirtí tosaíochta i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027. Ba chéim mhór chun cinn a bhí ann i mí Iúil 2024, nuair a shínigh Oifig an Ard-Ionchúisitheora sa tSile agus Eurojust Socrú Oibre. Leis an socrú sin, cuirtear úsáid phointí teagmhála Eurojust ar bhonn foirmiúil agus áirithítear cumarsáid níos dlúithe agus níos éifeachtúla chun iarrataí ar chomhar breithiúnach sa dá threo a bhrostú. Ó shin, tá feabhas tagtha ar an gcomhar oibríochtúil agus straitéiseach agus tá méadú as cuimse tagtha ar an líon iarrataí ar chúnamh a bhfuil baint ag an tSile agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh leo. Tá an tSile anois ina comhordaitheoir Mheiriceá Laidinigh le haghaidh 2026 don sásra um chomhar treisithe a fhaigheann tacaíocht ó Eurojust agus ón gclár EL PAcCTO.

Tá an tSile rannpháirteach go gníomhach i roinnt líonraí breithiúnacha réigiúnacha, lena n-áirítear IberRed agus Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach Oifigí na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP). Tá ionstraimí comhair bunaithe ag Eurojust leis an dá líonra. Leis an rannpháirtíocht il-leibhéil sin, neartaítear an bonn le haghaidh comhar níos doimhne leis an tSile. Tá spéis mhór aige caighdeáin a ailíniú leis an Aontas Eorpach, e.g. reachtaíocht

cosanta sonraí a ailíniú leis an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (le cuidiú ó EL PAcCTO).

Cósta Ríce

Tá ábharthacht oibríochtúil mhéadaitheach ag baint leis an gcomhar idir Eurojust agus Cósta Ríce a neartú, go háirithe i bhfianaise nochtadh méadaitheach Chósta Ríce don gháinneáil ar dhrugaí agus don choireacht eagraithe, atá spreagtha i bpáirt ag éagsúlú na mbealaí gáinneála chuig an Aontas agus ag méadú níos leithne ar ghníomhaíocht choiriúil eagraithe. Chomh maith leis sin, tá an tír, mar aon le Panama, ag teacht chun bheith ina mol do chuideachtaí príobháideacha a thairgeann seirbhísí digiteacha agus, dá bhrí sin, is príomh-chomhpháirtí í do Eurojust i ndáil le fianaise dhigiteach.

Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag Cósta Ríce agus ghlac sí páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Tá spéis mhór léirithe ag Cósta Ríce sa chomhar le Eurojust agus leis an Aontas Eorpach a dhoimhniú ar bhonn níos leithne. Tá Socrú Oibre idir Cósta Ríce agus Eurojust i bhfeidhm cheana féin ó bhí 2024 ann, agus leagtar béim sna malartuithe ardleibhéil a rinneadh le déanaí ar an ngealltanas sin chomh maith leis an rannpháirtíocht sa sásra le haghaidh comhar treisithe[16]. Is comhpháirtí gníomhach é an Príomh-Ionchúisitheoir i gcomhar breithiúnach níos dlúithe a chur chun cinn.

Chuir Cósta Ríce in iúl freisin gur spéis leis cúnamh teicniúil a fháil ón Aontas Eorpach chun caighdeáin bhreithiúnacha agus cosanta sonraí a ailíniú, rud a léirigh go láidir a ullmhacht an comhar in ábhair ceartais choiriúil a neartú.

Eacuadór

Tá sé ríthábhachtach an comhar idir Eurojust agus Eacuadór a neartú mar gheall ar ról Eacuadór mar mhol nach beag táirgthe agus idirthurais le haghaidh cócaoin, rud a bhfuil tionchar aige ar mhargadh na hEorpa agus ar an tslándáil réigiúnach. Go háirithe, in 2022, tháinig Eacuadór chun cinn mar phríomhfhoinse do lastais chócaoin chun na hEorpa, rud a fhágann go bhfuil sé ríthábhachtach do chomhar straitéiseach chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe agus ar gháinneáil ar airm thine.

Agus ábharthacht oibríochtúil Eacuadór á mheas ainmníodh í mar thír tosaíochta i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027. Cuireann an t-ainmniú sin i bhfios go láidir an spéis mhéadaitheach atá ag Eacuadór comhar breithiúnach leis an Aontas Eorpach a neartú. I mí Iúil 2024, chuaigh Eacuadór isteach i dtíortha Mheiriceá Laidinigh a shínigh Socrú Oibre le Eurojust agus chuathas isteach sa sásra le haghaidh comhar treisithe. Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag Eacuadór agus ghlac siad páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Leis na rannpháirtíochtaí a rinneadh le déanaí, amhail plé ardleibhéil, léirítear cur chuige réamhghníomhach Eacuadór chun na naisc atá ann cheana a neartú. Go háirithe, tá Eurojust agus na Seirbhísí Ionchúisimh Speisialaithe in aghaidh na coireachta eagraithe (UNIDOT agus FEDOTI)[17]) agus sciúradh airgid ag neartú a gcomhair oibríochtúil agus straitéisigh, lena

[16] Féach thuas sa chuid maidir leis an mBolaiv.

[17] Tagraíonn ionchúiseamh **UNIDOT** d'imeachtaí dlíthiúla arna dtionscnamh ag Aonad Náisiúnta Speisialaithe Eacuadór um Imscrúdú in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta (Spáinnis: *Unidad Nacional de Investigación contra la Delincuencia Organizada Transnacional; Is é* **FEDOTI** Oifig an Ionchúisitheora Speisialaithe um Choireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta agus Idirnáisiúnta.

n-áirítear i gcomhthéacs bearta slándála feabhsaithe i gcalafoirt Eacuadór chun an choireacht eagraithe agus an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac.

Chuir Eacuadór in iúl freisin gur spéis leis a gcaighdeáin a ailíniú le caighdeáin an Aontais Eorpaigh, go háirithe i réimse na cosanta sonraí. Léirítear an tiomantas sin a thuilleadh agus comhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar le Europol, curtha i bhfeidhm le déanaí, lena n-áirítear forálacha cuimsitheacha maidir le cosaint sonraí.

Panama

Tá ábharthacht oibríochtúil ollmhór ag baint leis an gcomhar breithiúnach le Panama, go háirithe maidir le gáinneáil ar dhrugaí, cibearchoireacht, coireacht mhaoine, calaois agus sciúradh airgid. Is minic a úsáideann grúpaí coireachta eagraithe Panama chun cuideachtaí caocha a bhfuil baint acu le sciúradh airgid a chlárú agus a oibriú, agus feidhmíonn sé mar phríomhphointe idirthurais do dhrugaí a iompraítear ó Mheiriceá Theas go dtí an Eoraip.

Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag Panama agus ghlac siad páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Thacaigh Eurojust le himscrúduithe agus ionchúisimh iomadúla ó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a raibh baint ag Panama leo, agus rinne údaráis Phanama idirchaidreamh dlúth le húdaráis náisiúnta trí Eurojust agus ghlac siad páirt ghníomhach i gcruinnithe comhordúcháin.

Chomh maith leis sin, tá Panama agus Eurojust ag comhoibriú go dlúth chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun dea-chleachtais a mhalartú i gcomhthéacs fianaise leictreonach agus cuideachtaí príobháideacha a thairgeann seirbhísí digiteacha. Ó thaobh na hoibríochta de, tá méadú faoi chúig tagtha ar an líon cásanna a bhaineann le Panama le 2 bhliain anuas, ach tá gá leis an bhféidearthacht sonraí pearsanta a mhalartú go córasach chun go mbeidh méadú breise ann.

Ainmnítear Panama mar chomhpháirtí tosaíochta i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027. In 2024, shínigh Oifig Ard-Aighne Phanama agus Eurojust Socrú Oibre, lenar cuireadh úsáid phointí teagmhála Eurojust ar bhonn foirmiúil agus lenar áirithíodh cumarsáid níos dlúithe chun iarrataí ar chomhar breithiúnach sa dá threo a bhrostú.

Tá Panama rannpháirteach freisin i líonraí breithiúnacha réigiúnacha, go háirithe IberRed agus Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach Oifigí na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP), agus tá Eurojust tar éis ionstraimí comhar a bhunú leo. Shínigh OIPE Meabhrán Tuisceana le AIAMP agus socrú oibre le hOifig Phríomh-Ionchúisitheoir an Náisiúin, lenar treisíodh a thuilleadh tábhacht Phanama mar chomhpháirtí comhair réigiúnaigh. Is spéis le Panama caighdeáin a ailíniú leis an Aontas Eorpach, e.g. maidir le cosaint sonraí.

Peiriú

Tá sé an-ábhartha go mbeadh comhar breithiúnach le Peiriú. Mar an dara táirgeoir cócaoin is mó ar domhan agus mar phríomhfhoinse drugaí a ndéantar gáinneáil orthu isteach san Aontas Eorpach, díríonn iarrachtaí comhair go príomha ar gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar choireacht mhaoine, ar sciúradh airgid agus ar chibearchoireacht. Tá Peiriú san áireamh mar chomhpháirtí tosaíochta i Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027.

Tá spéis mhór léirithe ag Peiriú i gcomhar le Eurojust. In 2024, shínigh Oifig Ard-Aighne Pheiriú agus Eurojust Socrú Oibre, agus leagtar béim sna malartuithe ardleibhéil a rinneadh le déanaí ar a dtiomantas feabhas a chur ar an gcomhar. Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag Peiriú agus ghlac sé páirt i gcruinnithe straitéiseacha agus oibríochtúla, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Tá na húdaráis inniúla rannpháirteach go gníomhach freisin sa sásra le haghaidh comhar treisithe, rud a fhágann go dtacaíonn Eurojust leis na scórtha imscrúduithe gníomhacha in 2025 arna iarraidh sin ag údaráis Pheiriú.

D'ainneoin athruithe sa rialtas ó shin, tá Peiriú i mbun idirphlé freisin le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an gcomhar le Europol agus d'iarr sé cúnamh teicniúil ar an gCoimisiún chun a chaighdeáin forfheidhmithe dlí a ailíniú le ceanglais an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí.

Tá Peiriú rannpháirteach go gníomhach freisin i líonraí breithiúnacha réigiúnacha, go háirithe IberRed agus Comhlachas Ibéir-Mheiriceánach Oifigí na nIonchúisitheoirí Poiblí (AIAMP), agus tá Eurojust tar éis ionstraimí comhar a bhunú leo.

Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

Baineann comhar breithiúnach le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha go príomha le calaois, go háirithe calaois CBL, gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid, coireacht mhaoine agus cibearchoireacht. Is léir go bhfuil go leor grúpaí coireachta eagraithe atá dírithe ar an Aontas Eorpach lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus is minic a fheidhmíonn siad mar bhonn do cheannaireacht chianda nó d'oibríochtaí cianda na líonraí sin, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, sciúradh airgid agus baincéireacht faoi thalamh.

De réir Straitéis Eurojust maidir le Comhar le Comhpháirtithe Idirnáisiúnta 2024–2027, tá ábharthacht oibríochtúil an-ard ag an tír sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. Ghlac údaráis Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha páirt i roinnt cruinnithe oibríochtúla agus straitéiseacha, agus i gcuairteanna staidéir ar Eurojust. Tá pointe teagmhála Eurojust ceaptha ag Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus tá tiomantas láidir léirithe aige don chomhar le Eurojust, mar a léiríodh lena rannpháirtíocht le linn mhisean Fhoireann na hEorpa i mí Aibreáin 2025, rannpháirtíocht i gCeardlann chomhpháirteach Saineolaithe i mí Iúil 2025, inar comhaontaíodh céimeanna nithiúla chun an comhar a dhoimhniú a thuilleadh. Tá Socrú Oibre le Eurojust, lena n-áirítear Pointe Teagmhála Cónaitheach a phostú sa Háig, á ullmhú faoi láthair. Léiríonn na tionscnaimh sin tiomantas na tíre sin gníomhú mar chomhpháirtí iontaofa chun an choireacht thrasnáisiúnta a chomhrac in éineacht leis an Aontas Eorpach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Moladh seo comhsheasmhach le beartas an Aontais atá ann cheana sa réimse i ndáil le comhar breithiúnach idir Eurojust agus tríú tíortha.

Tá dul chun cinn déanta maidir le feabhas ar an malartú faisnéise agus comhar i measc na mBallstát agus idir gníomhaireachtaí an Aontais agus tríú tíortha. Le Rialachán (AE) 2023/2131 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta[18], neartaítear an creat le haghaidh comhar le tríú tíortha ar thaobh

[18] Rialachán (AE) 2023/2131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta. IO L , 2023/2131, 11.10.2023, http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2131/oj.

Eurojust trí fhoráil a dhéanamh maidir le bunús láidir dlí chun ionchúisitheoir idirchaidrimh tríú tír a thabhairt ar iasacht do Eurojust agus maidir leis an gcomhar le Eurojust.

Chomh maith leis sin, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú i ndáil le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh ag Eurojust,[19] tá nasc láidir idir Rialachán (AE) 2022/838 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727, agus tríú tíortha. Leagtar béim sa dá ghníomh reachtacha ar a thábhachtaí atá dlúthchomhar le tríú tíortha chun coireanna tromchúiseacha a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Seachas *Straitéis AE chun Dul i nGleic leis an gCoireacht Eagraithe (2021-2025)* agus *Straitéis Slándála Inmheánaí ProtectEU*[20] áirítear tagairtí comhchosúla do thábhacht Eurojust agus dá ról ríthábhachtach sa chomhar breithiúnach trasteorann i ndoiciméid beartais théamacha eile chomh maith, amhail *EU Straitéis AE maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac*[21]*; an Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach*[22] agus *Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí*[23].

I gcomhréir leis na doiciméid straitéiseacha sin, feabhsaíodh an comhar idirnáisiúnta i réimse fhorfheidhmiú an dlí freisin. Ar bhonn an údaraithe ón gComhairle[24], rinne an Coimisiún Comhaontuithe a chaibidliú maidir le malartú sonraí pearsanta le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Le Rialachán (AE) 2018/1727 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) leagtar amach creat dlíthiúil le haghaidh Eurojust, go háirithe a cuspóirí, a tascanna, a raon feidhme inniúlachta, a forálacha cosanta sonraí agus a bealaí chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha.

Is é cuspóir an Mholta seo údarú a fháil don Choimisiún ón gComhairle chun comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú thar ceann an Aontais Eorpaigh. Ós rud é gurb é príomhchuspóir na gcomhaontuithe an comhar breithiúnach idir Eurojust agus údaráis inniúla tríú tíortha faoi seach a neartú chun an choireacht thromchúiseach a chomhrac trí shonraí pearsanta a mhalartú, is iad Airteagal 16(2) agus Airteagal 85 na bunúis dlí shubstainteacha atá ag an gComhairle chun tús a chur leis an gcaibidlíocht a údarú.

---

19 Rialachán (AE) 2022/838 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 a mhéid a bhaineann le fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara.

20 Féach Fn. 1 agus 2.

21 Teachtaireacht ón gCoimisiún – Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 (COM (2021) 171 final).

22 Teachtaireacht ón gCoimisiún - ProtectEU: Clár oibre chun an Sceimhlitheoireacht a Chosc agus a Chomhrac, 26.2.2026 (COM(2026) 101 final).

23 Teachtaireacht ón gCoimisiún – Clár Oibre agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025 (COM(2020)606 final.

24 Cinneadh 7047/20 ón gComhairle, an 23 Aibreán 2020, agus Doiciméad CM 2178/20 ón gComhairle, an 13 Bealtaine 2020.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, foráiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Molann an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis na dtríú Stát sin atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla. Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis na comhaontuithe atá beartaithe.

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis na comhaontuithe atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t-idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tá an tAontas inniúil struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Eurojust a chinneadh chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le coimircí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta i ndáil le comhar breithiúnach le tríú tíortha.

Leagtar síos i Rialachán Eurojust rialacha sonracha maidir le sonraí pearsanta a bheith á n-aistriú ag Eurojust lasmuigh den Aontas Eorpach. Liostaítear in Airteagal 56(2) de sin cásanna inar féidir le Eurojust sonraí pearsanta a aistriú go dleathach chuig údaráis bhreithiúnacha tríú tíortha. Fágann an fhoráil sin gur gá, i gcás aistrithe struchtúracha sonraí pearsanta ag Eurojust chuig an tríú tír faoi seach, comhaontuithe ceangailteacha idirnáisiúnta faoi seach idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír a thabhairt i gcrích, lena dtugtar coimircí leormhaithe maidir le príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha eile daoine aonair a chosaint. I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tagann na comhaontuithe sa todhchaí faoi chuimsiú inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhréireacht**

Ní féidir cuspóirí an Aontais maidir leis an moladh seo do chinneadh na Comhairle a leagtar amach thuas, a bhaint amach ach amháin trí chomhaontuithe idirnáisiúnta ceangailteacha a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na bearta comhair is gá, agus cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha á háirithiú ag an am céanna. Mar a chumhdaítear i Rialachán Eurojust (AE) 2018/1727, beidh forálacha na gcomhaontuithe a bheidh ann amach anseo teoranta don mhéid

is gá chun a phríomhchuspóirí a bhaint amach. Ní rogha mhalartach í gníomhaíocht aontaobhach na mBallstát i leith na tríú tíortha, ós rud é go bhfuil ról uathúil ag Eurojust. Ina theannta sin, ní bheadh gníomhaíocht aontaobhach ina bonn leordhóthanach le haghaidh comhar breithiúnach idir Eurojust agus tríú tíortha agus ní áiritheofaí léi an chosaint is gá ar chearta bunúsacha.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Baineadh leas as an ionchur oibríochtúil a fuarthas ó Eurojust chun saineolas a bhailiú.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Leis na comhaontuithe ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ina theannta sin, toirmisctear aon mhalartú faisnéise as a n-eascraíonn íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach, agus más infheidhme a bhaineann le pionós an bháis.

Sonraí pearsanta a mhalartú agus a phróiseáil ag údaráis tríú tír, baineann an méid sin le cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí. I ndáil leis sin, áiritheofar leis na comhaontuithe go gcuirfear coimircí leormhaithe i bhfeidhm maidir leis na sonraí pearsanta a aistreofar faoi na comhaontuithe féin, i gcomhréir le dlí an Aontais.

Go háirithe ní féidir feidhmiú ceart aonair áirithe a mhoilliú, a theorannú ná a dhiúltú ach a mhéid is gá agus comhréireach, agus cearta bunúsacha agus leasanna an ábhair sonraí á gcur san áireamh, ar fhoras tábhachtach a bhaineann le leas an phobail, go háirithe chun dochar d'imscrúdú coiriúil nó d'ionchúiseamh coiriúil leanúnach a chosc.

Ina theannta sin, ráthaítear leis na comhaontuithe go bhfuil an malartú sonraí pearsanta idir Eurojust agus na tríú tíortha comhsheasmhach le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus le hAirteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh araon[25], lena n-áirithítear go mbeidh an sárú ar chearta bunúsacha a d'fhéadfadh teacht astu teoranta don mhéid sin amháin is gá chun cuspóirí an leasa ghinearálta atá á saothrú a chomhlíonadh i gceart, faoi réir phrionsabal na comhréireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar tuairisciú agus roinnfear faisnéis go tráthrialta leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an mholta**

Leis an moladh seo, tugtar údarú don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh. Bunaítear treoirlínte caibidlíochta leis freisin.

---

25 Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, *IO L 202, 7.6.2016,* http://data.europa.eu/eli/treaty/char_2016/oj.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**údarás a thabhairt chun tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis inniúla na dtríú Stát sin i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16(2) agus 85, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] an 14 Samhain 2019 agus tá sé infheidhme ón 12 Nollaig 2019.

(2) De bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2018/1727, féadfaidh Eurojust comhar a bhunú agus a choinneáil ar bun le húdaráis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Chun na críche sin, i gcomhairle leis an gCoimisiún, ullmhóidh Eurojust straitéis um chomhar, gach 4 bliana, a léireoidh go beacht na tríú tíortha agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil gá oibríochtúil ann oibriú i gcomhar leo. Dá réir sin, i gcomhairle leis an gCoimisiún, d'ullmhaigh Eurojust straitéis chomhair den sórt sin don tréimhse 2024-2027.

(3) Leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1727, go háirithe Airteagal 56 de, na prionsabail ghinearálta maidir le sonraí pearsanta a aistriú ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta. Féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig an tríú tír, bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta a bheith tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena ndéantar foráil maidir le coimircí leormhaithe i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(4) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Tá roghnú na dtíortha sin bunaithe ar mheasúnú ar riachtanais oibríochtúla a sainaithníodh e.g. i Straitéis Eurojust maidir le comhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta 2024-2027, an gá atá le comhsheasmhacht a áirithiú le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile Ceartais

[1] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138) http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1727/oj).

agus Gnóthaí Baile amhail Europol, agus na leasanna straitéiseacha a bhaineann le slándáil an Aontais Eorpaigh, go háirithe i réimsí na coireachta eagraithe agus na gáinneála ar dhrugaí.

(5) Ba cheart do na comhaontuithe leis na tíortha sin bunús dlí a sholáthar chun sonraí pearsanta a mhalartú go córasach agus chun Ionchúisitheoirí Idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht, uirlisí nach bhfuil ar fáil trí shocruithe oibre Eurojust féin.

(6) Ba cheart don Choimisiún, i gcás inar gá, dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), lena n-áirítear le linn chaibidlíocht na gcomhaontuithe, agus, in aon chás, ba cheart dó dul i gcomhairle le MECS sula dtabharfar na comhaontuithe i gcrích.

(7) Leis na comhaontuithe ba cheart na cearta bunúsacha a urramú, agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, go háirithe an ceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cothroime, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Ina theannta sin, toirmisctear aon mhalartú faisnéise as a n-eascraíonn íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach, agus más infheidhme a bhaineann le pionós an bháis. Ba cheart na comhaontuithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.

(8) Níor cheart do na comhaontuithe difear a dhéanamh d'aistriú sonraí pearsanta ná do chineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus ba cheart dó a bheith gan dochar don aistriú sin.

(9) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2018/1727 agus dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) Chuathas i gcomhairle le MECS maidir leis an gCinneadh seo agus maidir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis agus d'eisigh siad tuairim an (dáta),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus d'údaráis inniúla na dtríú Stát sin i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [comhlacht ullmhúcháin na Comhairle], a ainmnítear leis seo mar choiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*